Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Aibreán 2020
(OR. en)

7347/20

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2017/0121(COD)
2017/0123(COD)
2017/0122(COD)

TRANS 156
SOC 210
EMPL 164
MI 114
COMPET 153
CODEC 283

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Aibreán 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 151 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Rialacháin lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009, Rialachán (CE) Uimh 1072/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 d'fhonn iad a oiriúnú d'fhorbairtí san earnáil, glacadh Rialacháin lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 i dtaca le riachtanais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla agus íos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla, glacadh Rialachán (CE) Uimh. 165/2014 i dtaca le suíomh trí bhíthin tacagraf, glacadh Treorach lena leasaítear Treoir 2006/22/CE maidir le ceanglais forfheidhmiúcháin agus lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le tiománaithe a phostú san earnáil iompair de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 151 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 151 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.4.2020
COM(2020) 151 final

2017/0123 (COD)

NOTE
This Communication refers to the three Legislative Proposals COM(2017) 281 with interinstitutional reference 2017/0123(COD), COM(2017) 278 with interinstitutional reference 2017/0121(COD) and COM(2017) 277 with interinstitutional reference 2017/122(COD).

# TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Rialacháin lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009, Rialachán (CE) Uimh 1072/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 d'fhonn iad a oiriúnú d'fhorbairtí san earnáil, glacadh Rialacháin lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 i dtaca le riachtanais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla agus íos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla, glacadh Rialachán (CE) Uimh. 165/2014 i dtaca le suíomh trí bhíthin tacagraf, glacadh Treorach lena leasaítear Treoir 2006/22/CE maidir le ceanglais forfheidhmiúcháin agus lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le tiománaithe a phostú san earnáil iompair de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

2017/0123 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN
CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Rialacháin lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009, Rialachán (CE) Uimh 1072/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 d'fhonn iad a oiriúnú d'fhorbairtí san earnáil, glacadh Rialacháin lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 i dtaca le riachtanais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla agus íos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla, glacadh Rialachán (CE) Uimh. 165/2014 i dtaca le suíomh trí bhíthin tacagraf, glacadh Treorach lena leasaítear Treoir 2006/22/CE maidir le ceanglais forfheidhmiúcháin agus lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le tiománaithe a phostú san earnáil iompair de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## 1. CÚLRA

An 31 Bealtaine 2017, mar chuid den Phacáiste Soghluaisteachta ("An Eoraip ag Gluaiseacht"), ghlac an Coimisiún pacáiste cuimsitheach ina bhfuil trí thogra reachtacha lena gcumhdaítear gnéithe sóisialta agus gnéithe den mhargadh inmheánach a bhaineann le hiompar de bhóthar san Aontas Eorpach.

Seo iad na trí thogra reachtacha i gceist:

(1) Togra chun leasú a dhéanamh ar Rialachán Uimh. 1071/2009 maidir le rochtain ar ghairm an oibreora iompair de bóthar, agus ar Rialachán Uimh. 1072/2009 maidir le rochtain ar an margadh idirnáisiúnta iompair de bhóthar;

(2) Togra chun leasú a dhéanamh ar Rialachán Uimh. 561/2006 maidir le rialacha i dtaca le tréimhsí tiomána agus scíthe in iompar de bhóthar, agus ar Rialachán Uimh. 165/2014 maidir leis an tacagraf;

(3) Togra chun leasú a dhéanamh ar Threoir 2006/22/CE maidir le híoscheanglais le haghaidh comhlíontacht rialacha tréimhsí tiomána agus scíthe a rialú, agus rialacha earnáilsonracha le haghaidh postú tiománaithe a bhunú (*lex specialis* i ndáil le Treoir Uimh. 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú agus le Treoir 2014/67/AE maidir le forfheidhmiú).

| | |
|---|---|
| An dáta a tíolacadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle:<br>(doiciméid COM(2017)281 final – 2017/0123 (COD),<br>COM(2017)278 final – 2017/0121 (COD) agus COM(2017)277 final – 2017/0122 (COD) | 01/06/2017 |

| | |
|---|---|
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | 18/01/2018 |
| Dáta na tuairime ó Choiste na Réigiún: | 01/02/2018 |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | 04/04/2019 |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle: | 07/04/2020 |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Is iad cuspóirí ginearálta na dtograí ón gCoimisiún feabhas a chur ar choinníollacha oibre agus sóisialta d'oibrithe iompair de bhóthar agus coinníollacha iomaíochta níos cothroime idir oibreoirí a áirithiú an tráth céanna.

Maidir leis an togra ón gCoimisiún chun athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha i dtaca le rochtain ar an ngairm agus ar an margadh, is iad príomhchuspóirí an togra sin na rialacha sin a shoiléiriú agus a shimpliú agus dul i ngleic le cuideachtaí caocha, agus a oscailte atá an margadh cheana a choinneáil mar sin an tráth céanna.

Leis an togra chun na rialacha maidir le tacagraif agus tréimhsí tiomána agus scíthe a athbhreithniú féachtar le coinníollacha áirithe a shoiléiriú agus roinnt rialacha a oiriúnú do riachtanais shíorathraitheacha na hearnála, agus dlús a chur le forfheidhmiú cliste na rialacha sóisialta maidir le hiompar de bhóthar.

I ndáil leis an togra ón gCoimisiún chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le forfheidhmiú agus chun rialacha sonracha a bhunú maidir le daoine a phostú in earnáil an iompair de bhóthar, is iad na cuspóirí a bhaineann leis sin cur i bhfeidhm comhréireach agus feidhmoiriúnach na rialacha thuasluaite a áirithiú, feabhas a chur ar an bhforfheidhmiú agus comhar níos struchtúrtha agus éifeachtúla a dhéanamh den chomhar riaracháin idir na Ballstáit.

## 3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

Tacaíonn an seasamh ar an gcéad léamh a ghlac an Chomhairle an 7 Aibreán 2020 le príomhchuspóir ginearálta na dtograí ón gCoimisiún chun feabhas a chur ar choinníollacha oibre agus sóisialta d'oibrithe iompair de bhóthar, agus coinníollacha iomaíochta níos cothroime idir oibreoirí a áirithiú an tráth céanna.

Is céim thábhachtach chun cinn é an seasamh ón gComhairle, i gcomparáid le rialacha an Aontais atá ann faoi láthair maidir le cúrsaí sóisialta agus an margadh inmheánach le haghaidh iompar de bhóthar, ar na cúiseanna seo a leanas:

- Eagrú na dtréimhsí scíthe seachtainiúla

  Mhol an Coimisiún na ceanglais maidir le scíth sheachtainiúil a oiriúnú don fhíorchleachtas atá ann san earnáil trí sholúbthacht breise in eagrú na dtréimhsí scíthe seachtainiúla a cheadú ionas go mbeidh tiománaithe in ann dhá scíth sheachtainiúla laghdaithe as a chéile a ghlacadh laistigh de thréimhse ceithre seachtaine. Tacaíonn an seasamh ón gComhairle le cuspóir an togra ón gCoimisiún, ach an deis atá ann a theorannú do thiománaithe i mbun iompair lasta idirnáisiúnta agus a bheith faoi réir coinníollacha áirithe, i.e. ní mór an dá thréimhse scíthe laghdaithe as a chéile a chaitheamh lasmuigh den Bhallstát bunaíochta, ní mór na tréimhsí scíthe laghdaithe as a chéile a chúiteamh roimh an gcéad tréimhse scíthe rialta eile agus ní mór don tiománaí filleadh “abhaile” gach 3 seachtaine. Tá na coinníollacha sin i gcomhréir le

cuspóir an Choimisiúin tuilleadh solúbthachta a sholáthar le haghaidh iompar fad-achair lasta agus a áirithiú an tráth céanna go bhfillfidh tiománaithe abhaile go rialta le haghaidh tréimhse scíthe fhada. Maidir le hiompar paisinéirí, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tuilleadh staidéir a dhéanamh ar eagrú na dtréimhsí tiomána agus scíthe lena mheasúnú an gá rialacha sonracha nó nach gá.

- *Filleadh rialta an tiománaí*

  Mhol an Coimisiún ceanglas a chur ar ghnóthais iompair obair na dtiománaithe a eagrú sa dóigh go mbeidh siad in ann filleadh abhaile le haghaidh scíth sheachtainiúil ar a laghad uair amháin gach trí seachtaine as a chéile. Ba é a bhí beartaithe leis sin cosc a chur le haon chás ina mbeadh tiománaithe ag obair ar an gcoigríoch ar feadh tréimhsí fada gan an deis filleadh abhaile ar a dteaghlaigh. Tacaíonn an seasamh ón gComhairle le cuspóir an togra ón gCoimisiún. Leis sin sonraítear gur cheart do thiománaithe filleadh ar ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth, nó ar a áit chónaithe féin laistigh de gach tréimhse ceithre seachtaine. Soiléirítear in aithris go "mbeadh saoirse ag na tiománaithe chun an áit ina gcaitheann siad a dtréimhse scíthe a roghnú". Laghdaítear an idirthréimhse go tréimhse trí seachtaine i gcás ina bhfuil dhá scíth sheachtainiúla laghdaithe as a chéile glactha ag an tiománaí. Ní théann an seasamh ón gComhairle chomh fada leis an togra ón gCoimisiún. Aithníonn an Coimisiún, áfach, go bhfuil an seasamh ón gComhairle bunaithe ar an gcuspóir céanna, go háirithe i gcás na dtiománaithe idirnáisiúnta a ghlacfadh, de ghnáth, dhá scíth sheachtainiúla laghdaithe as a chéile agus a fhillfeadh abhaile ansin ag deireadh an tríú seachtaine.

- *Cosc ar an scíth sheachtainiúil rialta a chaitheamh i gcábán na feithicle agus limistéir pháirceála atá slán sábháilte*

  Mhol an Coimisiún soiléiriú a dhéanamh, i gcomhréir leis an dlí-eolaíocht, nach bhfuil cead ag tiománaithe an scíth sheachtainiúil rialta a chaitheamh san fheithicil agus go bhfuil oibleagáid ar an bhfostóir lóistín leormhaith ina bhfuil saoráidí cuí codlata agus sláinteachais a sholáthar, mura bhfuil tiománaithe in ann an scíth sheachtainiúil a chaitheamh in áit phríobháideach dá rogha féin. Bhí sé sin beartaithe feabhas a chur ar choinníollacha oibre na dtiománaithe agus a áirithiú go bhfuil coinníollacha maithe scíthe ann. Tacaíonn an seasamh ón gComhairle leis an togra ón gCoimisiún trí chosc a chur ar an scíth sheachtainiúil rialta a chaitheamh i bhfeithicil. Téann an seasamh ón gComhairle níos faide ná an togra ón gCoimisiún mar tugann sé sainordú don Choimisiún forálacha mionsonraithe a dhéanamh maidir le limistéir pháirceála atá slán sábháilte, i.e. leibhéal seirbhíse na limistéar sin agus an nós imeachta maidir leis na limistéir sin a dheimhniú. Leis an seasamh ón gComhairle comhlíontar ina iomláine cuspóir an Choimisiúin coinníollacha iomchuí scíthe a ráthú do thiománaithe, agus tá sé níos uaillmhianaí ina leith fós.

- *Cur i bhfeidhm na rialacha maidir le postú ar iompar de bhóthar*

  Mhol an Coimisiún critéir shonracha a thabhairt isteach ó thaobh chur i bhfeidhm na rialacha maidir le postú i ndáil le hiompar de bhóthar, lena gcuirtear san áireamh gur earnáil an-soghluaiste í an earnáil iompair agus lena ráthaítear íocaíocht chóir do thiománaithe a bhíonn ag obair ar an gcoigríoch ar feadh tréimhse shuntasach. Mhol an Coimisiún oibríochtaí iompair idirnáisiúnta a dhíolmhú ó rialacha maidir le postú i dtaca le pá íosta agus saoire íosta, ar oibríochtaí iad a bhfuil tréimhse phostaithe suas le 3 lá in aghaidh na míosa féilire ag baint leo, ach moltar freisin go leanfadh oibríochtaí cabatáiste de bheith faoi réir na rialacha maidir le postú. Tacaíonn an seasamh ón gComhairle le prionsabal na rialacha earnáil-sonracha maidir le postú i dtaca le hiompar de bhóthar, agus, an tráth céanna, moltar leis córas nua a bheadh bunaithe ar oibríochtaí mar rogha eile in ionad an chórais am-bhunaithe a mhol an Coimisiún. Oibríochtaí déthaobhacha a bhfuil baint ag Ballstát bunaíochta an oibreora leo, tá siad díolmhaithe go hiomlán ó chur i bhfeidhm na rialacha maidir le postú ach, oibríochtaí trastrádála agus cabatáiste, nach bhfuil baint ag Ballstát

bunaíochta an oibreora leo, tá siadsan go hiomlán faoi réir chur i bhfeidhm na rialacha maidir le postú.

Tá gníomhaíochtaí breise a bhaineann le hoibríochtaí déthaobhacha díolmhaithe ó chur i bhfeidhm na rialacha maidir le postú. I gcás iompar lasta, féadfaidh an tiománaí gníomhaíocht amháin luchtaithe agus/nó díluchtaithe a dhéanamh sna Ballstáit nó sna tríú tíortha a thrasnaíonn sé, ar choinníoll nach ndéanann an tiománaí an luchtú agus an díluchtú sa Bhallstát céanna. I gcás ina ndéantar oibríocht iompair dhéthaobhach i dtreo an Bhallstáit bunaíochta, tar éis d'oibríocht iompair dhéthaobhach a bheith déanta, ar oibríocht í a thosaigh sa Bhallstát bunaíochta agus nach ndearnadh aon ghníomhaíocht eile lena linn, leathnaítear an díolúine le aghaidh gníomhaíochtaí breise chun dhá ghníomhaíocht luchtaithe agus/nó díluchtaithe, ar a mhéad, a chumhdach.

I gcás iompar paisinéirí agus i gcomhthéacs oibríochtaí déthaobhacha, féadfaidh an tiománaí paisinéirí a bhailiú uair amháin agus/nó paisinéirí a ligean amach uair amháin sna Ballstáit nó i dtríú tíortha atá á dtrasnú aige, ar choinníoll nach gcuireann an tiománaí seirbhísí iompair ar fáil do phaisinéirí idir dhá láthair laistigh den Bhallstát atá á thrasnú aige. Beidh feidhm ag an méid céanna maidir leis an turas fillte.

Na díolúintí ó rialacha maidir le postú le haghaidh gníomhaíochtaí breise a bhaineann le hoibríochtaí déthaobhacha, beidh feidhm acu ón dáta a a mbeidh oibealgáid ar thiománaithe sonraí trasnaithe teorann a thaifeadadh de láimh sna tacagraif. Scorfaidh na díolúintí sin d'fheidhm a bheith acu ón dáta a mbeidh ceanglas ann tacagraif chliste a fheistiú i bhfeithiclí, ar tacagraif iad a chomhlíonann na ceanglais maidir le trasnú teorann agus gníomhaíochtaí breise a thaifeadadh.

Leis an seasamh ón gComhairle soiléirítear nach ceadmhach caitheamh ar bhonn níos fabhraí le gnóthais a bunaíodh i dtríú tír ná mar a chaitear le gnóthais a bunaíodh i mBallstát ó thaobh chur i bhfeidhm na rialacha maidir le postú, lena n-áirítear i gcás oibríochtaí iompair faoi chomhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha lena ndeonaítear rochtain ar mhargadh an Aontais.

Ar deireadh, sonraítear sa seasamh ón gComhairle an bealach a gcuirfí an postú fadtéarmach i bhfeidhm maidir le hoibríochtaí idirnáisiúnta iompair de bhóthar, rud a tugadh isteach leis an treoir athbhreithnithe maidir le postú (Treoir (AE) 2018/957), ionas nach n-áireofaí le chéile na tréimhsí a dhéanfaí i mBallstát amháin leis na tréimhsí a dhéanfaí in aon Bhallstát eile.

Ar nós an togra ón gCoimisiún, braitheann an seasamh ón gComhairle ar an gcuspóir lena n-áirithítear go n-íocfar na tiománaithe i gcomhréir le costais mhaireachtála an Bhallstáit ina bhfuil siad i gcás ina bhfuil na tiománaithe faoi réir costas maireachtála Ballstáit cé is moite den Bhallstát ina bhfuil cónaí orthu ann agus ionas go mbeidh caighdeán iomchuí maireachtála acu. Tá gá leis an soiléiriú sa seasamh ón gComhairle agus is díol sásaimh é ó thaobh postú fadtéarmach agus chur i bhfeidhm na rialacha maidir le postú i dtríú tíortha agus ó thaobh fáil réidh le haon amhras atá ann maidir le cur i bhfeidhm na rialacha sin ag na Ballstáit. Mhol an Coimisiún ceanglais shonracha riaracháin le haghaidh chur i bhfeidhm na rialacha maidir le postú ar iompar de bhóthar freisin chun ualach riaracháin míchuí ar oibreoirí a sheachaint. Tacaíonn an seasamh ón gComhairle leis an togra ón gCoimisiún agus foráiltear leis go ndéanfar aon mhalartú faisnéise idir údaráis náisiúnta agus cur isteach aon dearbhuithe maidir le postú ag gnóthais iompair de bhóthar, go ndéanfar trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) iad. Le húsáid IMI laghdófar

an t-ualach riaracháin i gcás riarachán agus gnóthas agus mar sin, cuideofar le cuspóir foriomlán an Phacáiste Soghluaisteachta.

- *Teicneolaíocht tacagraif nua a thabhairt isteach*

  Níor mhol an Coimisiún aon mhodhnú a dhéanamh ar an rialachán maidir le tacagraif. Mheas an Coimisiún, áfach, gur gá glúin nua tacagraf 'cliste' a thabhairt isteach le gur féidir feithiclí a úsáidtear le haghaidh oibríochtaí iompar trasteorann a shuí níos beaichte, rud a éascódh forfheidhmiú na rialacha sóisialta agus rialacha nua an mhargadh inmheánaigh. Sa seasamh ón gComhairle sonraítear sceideal ama nua chun an teicneolaíocht nua sin a ghlacadh i bhfeithiclí nua (dhá bhliain ón dáta a ghlacfar na sonraíochtaí teicniúla) agus sa fhlít atá ann cheana (aisfheistiú a dhéanamh trí bliana ón dáta a ghlacfar na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh gach feithicle atá feistithe le tacagraf seachas an tacagraf cliste (leagan 1); aisfheistiú a dhéanamh ceithre bliana ón dáta a ghlacfar na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh gach feithicle atá feistithe le tacagraf cliste (leagan 1). Tá an seasamh ón gComhairle go hiomlán i gcomhréir le príomhchuspóir amháin de chuid an Phacáiste Soghluaisteachta, is é sin go mbeifear in ann na rialacha sóisialta nua agus rialacha nua an mhargadh inmheánaigh a fhorfheidhmiú go héifeachtach éifeachtúil.

- *Cur i bhfeidhm na rialacha maidir le rochtain ar an ngairm agus na dtréimhsí tiomána agus scíthe ar fheithiclí tráchtála éadroma*

  Chun íosleibhéal gairmiúlachta le haghaidh oibreoirí a úsáideann feithiclí tráchtála éadroma a thabhairt isteach, agus dá bhrí sin chun coinníollacha iomaíochta idir na hoibreoirí a neasú, mhol an Coimisiún na rialacha maidir le rochtain ar ghairm an oibreora iompair de bhóthar a leathnú chun na gnóthais sin a úsáideann feithiclí tráchtála éadroma a chumhdach. Is é sin go mbeadh na hoibreoirí sin faoi réir na gcritéar maidir le bunaíocht chobhsaí agus éifeachtach agus seasamh airgeadais iomchuí. Tacaíonn an seasamh ón gComhairle le cuimsiú na n-oibreoirí sin a úsáideann feithiclí tráchtála éadroma faoi raon feidhme na rialacha maidir le rochtain ar ghairm an oibreora iompair de bhóthar agus leis na rialacha uile sin a chur i bhfeidhm maidir leis na hoibreoirí an tráth céanna. Mar sin féin, níl faoi réir na rialacha sin ach na hoibreoirí atá bainteach leis an iompar idirnáisiúnta ar fruiliú agus ar luaíocht agus a úsáideann feithiclí ag a bhfuil mais ualaithe ceadaithe is mó ná 2.5 tona. Sa bhreis air sin, leathnaíonn an seasamh ón gComhairle na rialacha maidir le tacagraif agus tréimhsí tiomána agus scíthe chun na hoibreoirí sin a chumhdach. Leis an seasamh ón gComhairle comhlíontar cuspóir an togra ón gCoimisiún chun íosleibhéal gairmiúlachta le haghaidh oibreoirí a úsáideann feithiclí tráchtála éadroma a thabhairt isteach agus cothrom iomaíochta a shocrú idir na hoibreoirí sin agus na hoibreoirí a úsáideann feithiclí earraí troma. Ina theannta sin, maidir leis an seasamh ón gComhairle na hoibreoirí sin a chur faoi réir tacagraf agus rialacha maidir le tréimhsí tiomána agus scíthe, tá sé sin inghlactha mar go gcuirfidh sé leis an méadú ar shábháilteacht ar bhóithre le haghaidh an chineáil feithiclí sin atá bainteach leis an iompar idirnáisiúnta ar fruiliú agus ar luaíocht.

- *Rialacha maidir le cabatáiste*

  Mhol an Coimisiún r na rialacha maidir le cabatáiste a leasú trí líon oibríochtaí gan teorainn a cheadú laistigh de thréimhse 5 lá ó dhíluchtú an iompair idirnáisiúnta isteach sa Bhallstát óstach. Chuirfí an riail sin in ionad na teorann atá ann faoi láthair, is é sin 3 oibríocht laistigh de 7 lá, agus ba é ba aidhm dí forfheidhmiú a éascú, agus a oscailte atá an margadh cheana a choinneáil mar sin an tráth céanna. Sa seasamh ón gComhairle coimeádtar na srianta cabatáiste atá ann faoi láthair (3 oibríocht laistigh

de 7 lá), agus tréimhse mharana ceithre lá a thabhairt isteach an tráth céanna nach bhfuil cead ag oibreoirí tuilleadh oibríochtaí cabatáiste a dhéanamh sa Bhallstát céanna lena linn. Ní chloíonn an Chomhairle leis an gcur chuige atá molta ag an gCoimisiún, cur chuige a bhí beartaithe go príomha chun forfheidhmiú a éascú. Ó thaobh an fhorfheidhmithe de tá sé níos dúshlánaí an múnla cabatáiste atá ann faoi láthair a choimeád ach creideann an Coimisiún go mbeidh sé níos éasca, leis an nglúin nua tacagraf 'cliste' ar cuid den seasamh ón gComhairle iad, cineál na n-oibríochtaí agus a líon a dhéanann na hoibreoirí iompair go mbeidh sé níos éasca iad a aithint. Leis sin ba cheart go bhfeabhsófaí infhorfheidhmitheacht na rialacha cabatáiste i gcomparáid leis an scéal mar atá sé faoi láthair. Is féidir leis an gCoimisiún glacadh le coincheap na dtréimhsí marana chun déileáil le ceist an "chabatáiste chórasaigh", i.e. na hoibreoirí sin a dhéanann roinnt tréimhsí cabatáiste as a chéile sa Bhallstáit céanna tríd an mBallstát sin a fhágáil agus athfhilleadh air, rud atá de shárú ar na teorainneacha a fhorchuirtear le Rialachán (AE) Uimh. 1072/2009, rud a choinnítear sa téacs leasaitheach.

- *Critéir bhunaíochta a bhaineann le tiománaithe (An Róimh I)*

  Níor mhol an Coimisiún aon cheanglas nua maidir le hoibrithe a fhostú i ndáil le critéar bunaíochta cobhsaí éifeachtaí le haghaidh rochtain ar ghairm an oibreora iompair de bhóthar. Áirítear critéar bunaíochta nua sa seasamh ón gComhairle lena gceanglaítear go mbeidh tiománaithe ar fáil ar bhonn leanúnach ag oibreoirí, ar tiománaithe iad a bheidh bunaithe i lárionad oibríochta sa Bhallstát bunaíochta de ghnáth, agus go mbeidh sé sin i gcomhréir leis an líon oibríochtaí iompair. Tá an seasamh ón gComhairle beartaithe cur le líon foirne a bheadh leordhóthanach do bhunaíocht atá ceaptha a bheith cobhsaí agus éifeachtach. Fágann sé sin go leor solúbthachta ionas nach mbeidh srian míchuí leis an tsaoirse atá ag oibreoirí chun foireann a fhostú.

- *Sprioc-amanna cur chun feidhme/dátaí cur i bhfeidhm*

  Níor mhol an Coimisiún aon dáta ar leith chun na rialacha nua a chur i bhfeidhm. Leis an seasamh ón gComhairle cinntear go mbeidh feidhm ag an rialachán lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1071/2009 agus 1072/2009 18 mí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm. Mar sin féin, beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ina iomláine agus ag an gceanglas ceadúnas Comhphobail a shealbhú faoi Rialachán (CE) Uimh 1072/2009 maidir le hoibreoirí, agus leosan amháin, a úsáideann feithiclí tráchtála éadroma atá níos mó ná 2.5 tona agus a dhéanann iompar idirnáisiúnta 21 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an rialacháin leasaithigh. An treoir athbhreithnithe maidir le forfheidhmiú (Treoir 2006/22/CE) agus an *lex specialis* i ndáil le hoibrithe a phostú, ní mór do na Ballstát na bearta náisiúnta atá san áireamh sa mhéid sin a thrasuí faoi 18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh. Ó tharla go mbeidh Rialacháin athbhreithnithe (CE) Uimh. 561/2006 agus 165/2014 infheidhme láithreach ar a dteacht i bhfeidhm, tá forálacha idirthréimhseacha san áireamh leo le haghaidh chur i bhfeidhm na bhforálacha idirthréimhseacha a bhaineann le cur chun feidhme na dtacagraf cliste (féach thuas) agus cur i bhfeidhm na rialacha maidir le feithiclí tráchtála éadroma (ón 1 Iúil 2026 ar aghaidh). Beidh cuid mhór ama de dhíth ar na Ballstáit, na hoibreoirí agus an Coimisiún chun na rialacha nua a oiriúnú. Go háirithe, maidir le tuilleadh forbartha ar Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh chun na rialacha maidir le postú a chur i bhfeidhm, na ceanglais traenála agus scrúdaithe nua le haghaidh na n-oibreoirí sin a úsáideann feithiclí tráchtála éadroma, agus na forbairtí teicniúla nua atá ag teastáil le haghaidh na dteicneolaíochtaí tacagraif nua, tá gá le méid ama leordhóthanach chun an méid sin a chur chun feidhme. Dá bhrí sin tá an seasamh ón gComhairle inghlactha i ndáil leis an méid sin.

Mar sin féin, tá amhras ar an gCoimisiún faoi dhá bheart de chuid an tseasaimh ón gComhairle, is iad sin an oibleagáid go bhfillfeadh na trucailí go rialta ar Bhallstát bunaíochta na n-oibreoirí agus an deis a bheadh ag na Ballstáit srianta cabatáiste i bhfeidhm maidir leis an gcéim intíre de chomhoibríochtaí iompair. Ar an gcúis sin, d'eisigh an Coimisiún an dearbhú seo a leanas maidir leis an gcomhaontú polaitiúil a tugadh i gcrích ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle an 12 Nollaig 2019:

"Tugann an Coimisiún dá aire an comhaontú sealadach maidir le gnéithe sóisialta agus gnéithe de mhargadh Phacáiste Soghluaisteachta I a tugadh i gcrích ag an gComhairle agus Parlaimint na hEorpa le linn an cheathrú cruinniú tríthaobhach a bhí ann an 11-12 Nollaig 2019.

Is cúis aiféala don Choimisiún go bhfuil eilimintí sa chomhaontú polaitiúil a tugadh i gcrích ag an gComhairle agus Parlaimint na hEorpa nach bhfuil i gcomhréir le huaillmhianta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus formhuiniú na Comhairle Eorpaí don chuspóir

aeráidneodracht a bhaint amach san Aontas Eorpach faoi 2050. Is é sin le rá, filleadh éigeantach na feithicle chuig an mBallstát bunaíochta gach 8 seachtain agus srianta a fhorchur ar chomhoibríochtaí iompair. Ní raibh na bearta sin mar chuid de thograí ón gCoimisiún a glacadh an 31 Bealtaine 2017 agus ní raibh siad faoi réir measúnú tionchair. Mar thoradh ar an oibleagáid ar an trucail filleadh, beidh neamhéifeachtúlachtaí sa chóras iompair agus tiocfaidh méadú ar astaíochtaí neamhriachtanacha, ar thruailliú agus ar phlódú, agus an tráth céanna fágfaidh na srianta ar iompar traschórais go laghdófar a éifeachtacht ó thaobh tacaíocht a thabhairt d'oibríochtaí iompair lastais ilmhódacha.

Is mór na feabhais shóisialta a bheartaítear sa togra seo. Déanfaidh an Coimisiún grinnmheasúnú ar an tionchar feidhmiúil ar an aeráid, ar an gcomhshaol, agus ar an margadh aonair a bhaineann leis an dá ghné sin. Déanfaidh an Coimisiún amhlaidh i bhfianaise an Chomhaontaithe Ghlais agus i bhfianaise beart atá ann chun iompar a dhícharbónú agus an comhshaol a chaomhnú, agus, an tráth céanna, a áirithiú go bhfeidhmeoidh an Margadh Aonair go maith.

Tar éis measúnú tionchair, déanfaidh an Coimisiún a cheart a fheidhmiú, más gá, togra reachtach spriocdhírithe a chur ar aghaidh sula dtiocfaidh an dá fhoráil i bhfeidhm."

Ós rud é gur cuid den seasamh ón gComhairle iad an dá bheart i gceist, deimhníonn an Coimisiún an seasamh a ghlactar sa dearbhú.

## 4. Conclúid

Measann an Coimisiún, in ainneoin na n-easnamh atá sa seasamh ón gComhairle, go dtiocfaidh as na forálacha thuasluaite nua níos soiléire a thabharfar isteach dálaí oibre agus sóisialta atá níos fearr, iomaíocht atá cóir agus breis deimhneacht dhlíthiúil in earnáil an iompair de bhóthar. Beidh na forálacha nua ina mbunús láidir le haghaidh na rialacha maidir le hiompar de bhóthar a fhorfheidhmiú amach anseo.

De ghrá an chomhréitigh, glacann an Coimisiún leis an seasamh ón gComhairle agus, ar an tslí sin, tugtar caoi do Pharlaimint na hEorpa an téacs deiridh a ghlacadh ar an dara léamh. Go deimhin, measann an Coimisiún go mbeadh tairbhí substaintiúla ann don earnáil iompair de bhóthar dá nglacfaí na moltaí sóisialta agus margaidh. Mar sin féin, tá amhras ar an gCoimisiún fós faoi dhá bheart de chuid an tseasaimh ón gComhairle.